# Tuiseal Ginideach san Uimhir Iolra

## Achoimre Dheich bPointe (Ach níl sé ach ocht bpointe)

1. Is í an T.G. Iolra, an fhoirm iolra den Tuiseal Ginideach.
2. Úsáidtear an T.G. Iolra do na cúiseanna céanna den T.G. Uatha…ach…munar chuimhin libh…seo iad:

   - Seilbh (nó dhá ainmfhocal le chéile)…mar shampla: socrúchán scoileanna, deireadh na mblianta
   -Focail a bhaineann le cainníochtaí nó méideanna…mar shampla: a lán carranna, beagán pointí
   -Tar éis ainm briathartha…mar shampla: ag ithe ceapairí, ag rith rásanna
   -Tar éis réamhfhocail le níos mó ná focal amháin (comhshuite)…mar shampla…le linn, tar éis, i rith
   -Tar éis réamhfhocail áirithe (chun, cois, dála, fearacht, timpeall, trasna)
3. Tá uair amháin breise a úsáidtear an T.G. san uimhir iolra. Úsáidtear an T.G. Iolra le haghaidh na n-Uimhreacha Pearsanta…mar shampla: triúr dochtúirí.
4. Is féidir frásaí cinnte a bheith ann le 'na'…….ag ithe na gceapairí, agus frásaí éiginnte ann freisin gan 'na'……ag ithe ceapairí.
5. Úsáidtear "na + urú".
6. Úsáidtear an litriú ón bhfoirm chaighdeánach den uimhir uatha (gnáthuimhir uatha) más lagiolra é an focal.
7. Lagiolra = ainmfhocal a chuirtear isteach san uimhir iolra le 1) caolú; nó 2) '+a'

| | | |
|---|---|---|
| Crann | crainn (caolú) | dath crann<br>dath na gcrann |
| Bróg | Bróga (+'a') | dath bróg<br>dath na mbróg |

8. Úsáidtear an litriú ón bhfoirm chaighdeánach den uimhir iolra (gnáthuimhir iolra) más tréaniolra é an focal.
9. Tréaniolra = gach ainmfhocal nach lagiolra é (gach uimhir iolra eile taobh amuigh de 1) caolú; nó 2) +'a'

| | | |
|---|---|---|
| Cailín | Cailíní | cótaí na gcáilíní |



LIVEWORKSHEETS

LIVEWORKSHEETS